**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0132/2020**

13.3.2020

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le lá AE um Shábháilteacht Dóiteáin

**Željana Zovko, Kris Peeters, Vladimír Bilčík, Tudor Ciuhodaru, Lefteris Christoforou, Maria da Graça Carvalho, Dominique Bilde, Robert Hajšel, Tomislav Sokol, Tanja Fajon, Tonino Picula, Pascal Arimont, Sunčana Glavak, Ivan Štefanec, Cindy Franssen, Pernille Weiss, Jarosław Duda, Milan Zver, Karlo Ressler, José Manuel Fernandes**

**B9-0132/2020**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le lá AE um Shábháilteacht Dóiteáin**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagal 196 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/420 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2019 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta[1],

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur údar imní é líon na ndóiteán atá le feiceáil san Eoraip gach lá, as a n-eascraíonn damáiste ábhartha, gortuithe fisiciúla agus bás;

B. de bhrí go gcuireann dóiteáin nádúrtha agus dóiteáin ar daoine is cúis leo cathracha agus sráidbhailte i mbaol gach bliain, lena gcuirtear a saoránaigh agus a láithreáin oidhreachta cultúrtha i gcontúirt;

C. de bhrí gur cheart do AE an úsáid a bhaineann sé as ionstraimí, amhail an Líonra Eolais um Chosaint Shibhialta a bharrfheabhsú, chun teagasc a thabhairt faoi shábháilteacht agus cosc dóiteáin agus chun iad a chur chun cinn;

1. á iarraidh go gcuirfí lá AE um Shábháilteacht Dóiteáin ar bun chun feasacht a mhúscailt maidir leis an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht dóiteáin;

2. á iarraidh go n-ainmneofaí an 31 Bealtaine mar Lá AE um Shábháilteacht Dóiteáin mar ghníomh cuimhneacháin ar Mhórdhóiteán Shágraib in 1731 agus dóiteáin mharfacha eile i stair na hEorpa.

[1] IO L 77 I, 20.3.2019, lch. 1.